C/2025/5495

8.10.2025

Fógra le haghaidh na Allied Democratic Forces (ADF), grúpa a bhfuil feidhm maidir leo ag na bearta sriantacha dá bhforáiltear i gCinneadh (CBES) 2010/788 ón gComhairle agus i Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó

(C/2025/5495)

Dírítear aird na Allied Democratic Forces (ADF), grúpa atá liostaithe in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2010/788 ón gComhairle ([1]) agus in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó ([2]), ar an bhfaisnéis seo a leanas.

Tá sé beartaithe ag an gComhairle an grúpa thuasluaite a áireamh ar liosta na ndaoine, na ngrúpaí, na ngnóthas agus na n-eintiteas dá dtagraítear in Airteagail 2 agus 3 de Chinneadh (CBES) 2016/1693 ón gComhairle ([3]) agus in Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2016/1686 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne ISIL (Da'esh) agus Al-Qaeda agus i gcoinne na ndaoine, na ngrúpaí, na ngnóthas agus n-eintiteas a bhfuil baint acu leo ([4]).

Cuirtear in iúl do ADF, leis seo, go bhféadfaidh siad iarraidh a chur faoi bhráid na Comhairle chun go bhfaighidh sé an dréachtráiteas ar chúiseanna, roimh an 16 Deireadh Fómhair 2025, ag an seoladh seo a leanas:

Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht
RELEX.1
Gnóthaí Cothrománacha agus Domhanda
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË
ríomhphost: sanctions@consilium.europa.eu

([1]) IO L 336, 21.12.2010, lch. 30.
([2]) IO L 193, 23.7.2005, lch. 1.
([3]) IO L 255, 21.9.2016, lch. 25.
([4]) IO L 255, 21.9.2016, lch. 1.